Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Márta 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0396(COD)**

**6705/1/23**
**REV 1**

**ENV 163**
**MI 133**
**ENT 34**
**IND 67**
**CONSOM 54**
**COMPET 135**
**CODEC 242**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE<br>– Díospóireacht bheartais |

1. An 30 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht. Is é is aidhm don togra giniúint dramhaíola ó phacáistíocht a chosc, borradh a chur faoi athchúrsáil ardcháilíochta, agus margadh le haghaidh amhábhar tánaisteach a chruthú, agus faisnéis do thomhaltóirí á héascú agus deiseanna nua gnó á gcruthú ag an am céanna. Faoin togra seo, bunófar ceanglais agus srianta inbhuanaitheachta le haghaidh substaintí ceimiceacha, agus déanfar critéir faoi na scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora agus ceanglais maidir le lipéadú, marcáil agus faisnéis a chomhchuibhiú.

2. Chuir an Coimisiún an togra reachtach agus an measúnú tionchair a ghabhann leis faoi bhráid na Meithle um an gComhshaol an 5 Nollaig 2022. Phléigh an Mheitheal um an gComhshaol an togra le linn ceithre chruinniú eile.

3. Chun treoir a thabhairt don díospóireacht maidir leis an togra reachtach thuasluaite ag an gcéad chruinniú eile a bheidh ag an gComhairle (Comhshaol) an 16 Márta 2023, d'ullmhaigh an Uachtaránacht páipéar cúlra ina bhfuil dhá cheist, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE**
**- Díospóireacht bheartais -**

*Páipéar cúlra ón Uachtaránacht ina bhfuil ceisteanna do na hairí*

Cé go bhfuil méadú tagtha ar rátaí athchúrsála san Aontas, tá an méid dramhaíola a ghintear ó phacáistíocht ag dul i méid níos tapúla ná an méid athchúrsála a dhéantar. Le 10 mbliana anuas, is mó ná 20 % an méadú a tháinig ar an méid dramhaíola ó phacáistíocht, agus meastar go dtiocfaidh méadú 19 % breise air idir seo agus 2030 mura ndéanfar aon ghníomhaíocht. I gcás dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach, meastar go mbeidh méadú 46 % ann faoi 2030. Bíonn tuilleadh iarmhairtí comhshaoil ag an méadú ar dhramhaíl ó phacáistíocht, lena n-áirítear úsáid mhéadaithe neamhéifeachtúil acmhainní, tionchair dhiúltacha aeráide, bruscar, ró-úsáid substaintí ar díol imní iad i bpacáistíocht agus méadú as cuimse ar na dúshláin a bhaineann le bainistiú dramhaíola, lena n-áirítear athchúrsáil ar cháilíocht íseal agus úsáid iomarcach á baint as líonadh talún, loscadh agus onnmhairiú ag deireadh na saolré.

Meastar gurb é EUR 370 billiún an láimhdeachas iomlán a bhaineann le táirgeadh pacáistíochta agus bainistiú dramhaíola ó phacáistíocht san Aontas. Dá bhrí sin, tá ról agus acmhainneacht shuntasach ag claochlú earnáil na pacáistíochta agus na dramhaíola ó phacáistíocht chun geilleagar glan inbhuanaithe ciorclach a dhéanamh den Eoraip, i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip. Ag eascairt as plean gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le geilleagar ciorclach, leag an Chomhairle amach, sna conclúidí uaithi an 4 Deireadh Fómhair 2019 (12791/19), *inter alia*, gur cheart an phacáistíocht phlaisteach uile a chuirtear ar an margadh san Aontas a bheith in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte faoi 2030, agus gur cheart an acmhainneacht sórtála agus athchúrsála pacáistíochta san Aontas a mhéadú faoi cheathair, agus d’iarr sí ar an gCoimisiún bearta breise a dhéanamh.

An 30 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún togra reachtach nua le haghaidh Rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht, lena gcuirtear leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht (94/62/CE). Is é is aidhm don togra le haghaidh Rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht giniúint dramhaíola ó phacáistíocht a chosc, borradh a chur faoi athchúrsáil ardcháilíochta, agus margadh le haghaidh amhábhar tánaisteach a chruthú, agus faisnéis do thomhaltóirí á héascú, deiseanna nua gnó á gcruthú agus spleáchas allmhairíochta an Aontais ar amhábhair agus ar bhreoslaí iontaise á laghdú ag an am céanna.

**Staid na hoibre sa Chomhairle**

Faoi Uachtaránacht na Sualainne, pléadh an togra le haghaidh Rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht ag ceithre chruinniú de chuid na Meithle um an gComhshaol roimh an gComhairle Comhshaoil, agus meastar go gcuirfear an chéad scrúdú ar an togra i gcrích. Tríd is tríd, thug na Ballstáit le fios go dtacaíonn siad le cuspóirí uileghabhálacha an togra le haghaidh Rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht agus, ag an am céanna, d'fhéach siad le soiléiriú a fháil agus chuir siad ábhair imní in iúl maidir le codanna áirithe den togra.

**Na hábhair a phléifear**

Chun treoir a thabhairt le haghaidh obair na Meithle um an gComhshaol amach anseo, molann an Uachtaránacht go dtabharfaidh an Chomhairle Comhshaoil aghaidh ar an dá ábhar seo a leanas an 16 Márta 2023.

**An uaillmhian fhoriomlán i dtaobh córas nua pacáistíochta**

Is é is aidhm don togra le haghaidh Rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht treocht neamh-inbhuanaithe na dramhaíola ó phacáistíocht atá ag dul i méid a aisiompú agus prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chur i bhfeidhm trí spriocanna nua agus ceanglais chomhchuibhithe inbhuanaitheachta a thabhairt isteach ar fud an Aontais. Áirítear leis na ceanglais inbhuanaitheachta sin forálacha maidir le substaintí ar díol imní iad, in-athchúrsáilteacht, ábhar athchúrsáilte, pacáistíocht inmhúirínithe, íoslaghdú pacáistíochta agus pacáistíocht in-athúsáidte. Leagtar spriocanna síos chun dramhaíl ó phacáistíocht a laghdú, athúsáid agus athlíonadh a mhéadú le haghaidh earnálacha agus formáidí pacáistíochta éagsúla, agus rátaí a thabhairt isteach i dtaobh ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach. Is ionann na spriocanna athchúrsála agus na spriocanna atá sa Treoir reatha maidir le Pacáistíocht.

Áirítear leis na rialacha nua oibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha agus forálacha maidir le lipéadú comhchuibhithe ar phacáistíocht agus ar ghabhdáin dramhaíola, agus is é is cuspóir don mhéid sin breisluach substaintiúil a chruthú don tionscal agus deighilt pacáistíochta dramhaíola a éascú do thomhaltóirí. Áirítear sa togra freisin forálacha maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht a bhainistiú, chomh maith le forálacha maidir le soláthar poiblí glas.

Léiríodh spleáchas an Aontais ar allmhairiú amhábhar agus breoslaí iontaise i bhfianaise a bhfuil tite amach le déanaí i gcúrsaí geopholaitiúla. Leis na bearta atá beartaithe maidir le hábhar athchúrsáilte, meastar go ndéanfaí laghdú 3.1 milliún tona in aghaidh na bliana (¼ den bhreosla iontaise atá ag teastáil faoi láthair, nach mór, chun pacáistíocht phlaisteach a tháirgeadh) ar riachtanais breosla iontaise an Aontais. Ar an iomlán, cuirtear in iúl sa togra, dá mbogfaí i dtreo geilleagair níos ciorclaí ó thaobh na pacáistíochta de, go mbainfí tairbhí amach, mar shampla custaiméirí a chumhachtú, tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine a laghdú, spleáchas ar an allmhairiú a laghdú, nuálaíocht a spreagadh agus borradh a chur faoi théarnamh eacnamaíoch, chomh maith le caiteachas teaghlaigh neamhriachtanach a laghdú.

**Nuálaíocht agus claochlú d'fhonn dramhaíl a chosc**

I gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola, tá sé ar cheann de phríomhchuspóirí an togra giniúint dramhaíola ó phacáistíocht a chosc, go háirithe trí phacáistíocht a íoslaghdú, pacáistíocht neamhriachtanach a shrianadh agus réitigh pacáistíochta in-athúsáidte agus in-athlíonta a chothú. Cé is moite de na bearta sin ar leibhéal an Aontais, molann an Coimisiún nach mór do na Ballstáit bearta náisiúnta atá oiriúnaithe do chúinsí áitiúla a dhéanamh chun na spriocanna seo a leanas a bhaint amach: laghdú 5 % faoi 2030, laghdú 10 % faoi 2035 agus laghdú 15 % faoi 2040 (i gcomparáid le 2018).

Sa togra le haghaidh Rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht, is iad an dá rud is mó a rannchuidíonn chun giniúint dramhaíola a laghdú ar leibhéal an Aontais toirmeasc atá beartaithe ar phacáistíocht nach bhfuil gá léi, mar shampla cineálacha áirithe pacáistíochta aon úsáide inseachanta san earnáil óstáin, miondíola agus bialainne, agus oibleagáid ar chuideachtaí céatadán áirithe dá dtáirgí a thairiscint do thomhaltóirí i bpacáistíocht in-athúsáidte nó in-athlíonta, mar shampla deochanna agus béilí beir leat nó seachadtaí ríomhthráchtála. Meastar go gcuideoidh leagan amach na spriocanna leis an nuálaíocht a chur chun cinn agus an cion de réitigh athúsáide agus athlíonta a mhéadú. Leis na ceanglais arna mbunú ar leibhéal an táirge, ba cheart tuilleadh infheistíochta i bpacáistíocht nuálach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus i samhlacha nua gnó ciorclacha a chruthú.

**Ceisteanna ar na hairí**

Chun treoir a thabhairt maidir leis an obair leantach ar an rialachán atá beartaithe, iarrann an Uachtaránacht ar na hairí freagra a thabhairt ar an dá cheist seo a leanas:

1. *Cad é do thuairim maidir le huaillmhian fhoriomlán an togra le haghaidh Rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht na treochtaí neamh-inbhuanaithe costasacha a bhaineann le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht a aisiompú, agus cad iad na heilimintí is iomchuí agus is tráthúla i ndáil leis sin, dar leat?*

2. *Cad iad na bearta is tábhachtaí chun dramhaíl ó phacáistíocht a chosc agus réitigh nuálacha a chothú san Aontas?*

---